



2025/1402

17.7.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/1402 ÓN gCOIMISIÚN

an 16 Iúil 2025

**maidir le bláthola an chrainn tae ó *Melaleuca alternifolia* (Maiden & Betche) Cheel a údarú mar
bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le breiseáin a bhfuiltear lena n-úsáid i gcothú ainmhithe ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 9(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 foráiltear maidir le húdarú breiseán a bhfuiltear lena n-úsáid i gcothú ainmhithe agus maidir leis na forais agus na nósanna imeachta chun údarú den sórt sin a dheonú. Le hAirteagal 10(2) den Rialachán sin foráiltear maidir le hathmhéastóireacht a dhéanamh ar bhreiseáin a údaraíodh de bhun Threoir 70/524/CEE ón gComhairle ⁽²⁾.
- (2) Rinneadh an tsubstaint bláthola an chrainn tae ó *Melaleuca alternifolia* (Maiden & Betche) Cheel a údarú gan teorainn ama, i gcomhréir le Treoir 70/524/CEE, mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch. Ina dhiaidh sin cuireadh an tsubstaint sin isteach i gClár na mBreiseán Beathaithe mar tháirge a bhí ann cheana, i gcomhréir le hAirteagal 10(1), pointe (b), de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003.
- (3) I gcomhréir le hAirteagal 10(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 i gcomhar le hAirteagal 7 de, cuireadh isteach iarratas chun bláthola an chrainn tae ó *Melaleuca alternifolia* (Maiden & Betche) Cheel a údarú mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch, agus iarradh ann go n-aicmeofaí an breiseán sin i gcatagóir na mbreiseán 'breiseáin chéadfacha' agus san fheidhmghrúpa 'comhdhúile blaitithe'. Bhí na sonraí agus na doiciméid a cheanglaítear faoi Airteagal 7(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ag gabháil leis an iarratas.
- (4) D'iarr an t-iarratasóir go n-údarófaí an breiseán lena úsáid in uisce óil freisin. Mar sin féin, le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ní cheadaítear 'comhdhúile blaitithe' a údarú lena n-úsáid in uisce óil. Dá bhrí sin, níor cheart úsáid an bhreiseáin seo in uisce óil a cheadú.
- (5) Tháinig an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás') ar an gconclúid sa tuairim uaidh an 18 Meán Fómhair 2024 ⁽³⁾ nach bhfuil aon ábhar inní ag baint le bláthola an chrainn tae ó *Melaleuca alternifolia* (Maiden & Betche) Cheel maidir le spriocspeicis lena ramhrú agus nach dócha go mbeidh sé ina ábhar inní sábháilteachta d'aon speiceas eile ná d'ainmhithe fadsaolacha agus atáirgthe ar uastiúchaintí áirithe a shonraítear a thuilleadh le haghaidh gach speicis. Thairis sin, tháinig sé ar an gconclúid nár sainaithníodh aon ábhar inní do thomhaltóirí tar éis bláthola an chrainn tae ó *Melaleuca alternifolia* (Maiden & Betche) Cheel a úsáid faoi na coinníollacha atá beartaithe, agus nach meastar go mbeidh a húsáid ina riosca don chomhshaol faoi na coinníollacha atá beartaithe. Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid gur cheart bláthola an chrainn tae ó *Melaleuca alternifolia* (Maiden & Betche) Cheel a mheas mar ghreannaitheoir craicinn agus súl, mar íogróir deirmeach agus riospráide, agus mar shubstaint atá tocsaineach i leith an atáirgthe. Thug an tÚdarás le fios go bhféadfadh úsáideoirí neamhchosanta a bheith nochta do meitileoigeanól agus an breiseán á láimhseáil agus, dá bhrí sin, chun an riosca a laghdú, gur cheart nochtadh na n-úsáideoirí a íoslaghú. Ós rud é go n-aithnítear go gcuireann bláthola an chrainn tae ó *Melaleuca alternifolia* (Maiden & Betche) Cheel blas ar bhia agus go mbeadh an fheidhm chéanna aici i mbeatha, go bunúsach, is atá aici i mbia, tháinig an tÚdarás ar an gconclúid go meastar nach gá le héifeachtúlacht a léiriú a thuilleadh. D'fhóraigh sé freisin an tuarascáil ar an modh anailíse ar an mbreiseán beathaithe i mbeatha arna cur isteach ag an tSaotharlann Tagartha a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003.

⁽¹⁾ IO L 268, 18.10.2003, lch. 29, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2003/1831/oj>.

⁽²⁾ Treoir 70/524/CEE ón gComhairle an 23 Samhain 1970 maidir le breiseáin in ábhair bheatha (IO L 270, 14.12.1970, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/1970/524/oj>).

⁽³⁾ EFSA Journal [Iris EFSA], 22(10), e9026. <https://doi.org/10.2903/j.efsa.2024.9026>.

- (6) I bhfianaise an mhéid thuas, measann an Coimisiún go gcomhlíonann bláthola an chrainn tae ó *Melaleuca alternifolia* (Maiden & Betché) Cheel na coinníollacha dá bhforáiltear in Airteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003. Dá réir sin, ba cheart úsáid na substainte sin a údarú mar a shonraítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo. Measann an Coimisiún gur gá uaschion a shocrú i mbeatha iomlán mar gheall ar láithreach na substainte ar ábhar imní iad, is é sin meitileoigeanól, agus measann sé freisin go bhfuil meascán de bhláthola an chrainn tae ó *Melaleuca alternifolia* (Maiden & Betché) Cheel le breiseáin luibheolaíocha eile ceadaithe, ar choinníoll go bhfuil méideanna na substainte céanna ar ábhar imní í in ábhair bheatha agus i mbeatha chumaisc níos ísle ná an méid a eascraíonn as breiseán aonair a úsáid ar an leibhéal uasta nó ar an leibhéal molta le haghaidh an speicis nó na catagóire ainmhithe. Ina theannta sin, measann an Coimisiún gur cheart bearta cosanta iomchuí a dhéanamh chun éifeachtaí díobhálacha ar shláinte úsáideoirí an bhreiseáin a chosc.
- (7) Ós rud é nach gá na modhnuithe ar choinníollacha údaráithe na substainte lena mbaineann a chur i bhfeidhm láithreach ar chúiseanna sábháilteachta, is iomchuí idirthréimhse foráil a dhéanamh maidir le páirtithe leasmhara ionas gur féidir leo iad féin a ullmhú chun na ceanglais nua a eascraíonn as an údarú a chomhlíonadh.
- (8) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuainchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Údarú

An tsubstaint a shonraítear san Iarscríbhinn, ar substaint í a bhaineann leis an gcatagóir breiseán 'breiseáin chéadfacha' agus leis an bhfeidhmghrúpa 'comhdhúile blaitithe', údaraítear í mar bhreiseán i gcothú ainmhithe faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Iarscríbhinn sin.

Airteagal 2

Bearta idirthréimhseacha

1. An breiseán beathaithe bláthola an chrainn tae ó *Melaleuca alternifolia* (Maiden & Betché) Cheel, mar a údaraítear de bhun Threoir 70/524/CEE, agus réamh-mheascáin a bhfuil an breiseán sin iontu, a tháirgtear agus a lipéadaítear roimh an 6 Feabhra 2026 i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme roimh an 6 Lúnasa 2025, féadfar leanúint dá gcur ar an margadh agus dá n-úsáid go dtí go mbeidh na stoic lena mbaineann ídithe.
2. Beatha chumaisc agus ábhair bheatha a bhfuil an breiseán beathaithe dá dtagraítear i mír 1 iontu, nithe a tháirgtear agus a lipéadaítear roimh an 6 Lúnasa 2026 i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme roimh an 6 Lúnasa 2025, féadfar leanúint dá gcur ar an margadh agus dá n-úsáid go dtí go mbeidh na stoic lena mbaineann ídithe i gcás ina mbeidh sé beartaithe iad a úsáid le haghaidh bia-ainmhithe.
3. Beatha chumaisc agus ábhair bheatha a bhfuil an breiseán beathaithe dá dtagraítear i mír 1 iontu, nithe a tháirgtear agus a lipéadaítear roimh an 6 Lúnasa 2027 i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme roimh an 6 Lúnasa 2025, féadfar leanúint dá gcur ar an margadh agus dá n-úsáid go dtí go mbeidh na stoic lena mbaineann ídithe i gcás ina mbeidh sé beartaithe iad a úsáid le haghaidh ainmhithe nach bia-ainmhithe iad.

*Airteagal 3***Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 16 Iúil 2025.

Thar ceann an Choimisiúin

An tUachtarán

Ursula VON DER LEYEN

Uimhir aitheantais an bhreiseáin beathaithe	Breiseán	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse	Speiceas nó catagóir ainmhíoch	Uasteor-ainn aoise	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údarúcháin
					mg de bhreiseán/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %			
Catagóir: Breiseáin chéadfacha. Feidhmghrúpa: Comhdhúile blaitithe								
2b275-eo	Bláthola an chrainn tae	Comhdhéanamh an bhreiseáin Bláthola ó dhuilleoga agus ó chríoch-chraoibhíní <i>Melaleuca alternifolia</i> (Maiden & Betche) Cheel (comhchiallach: <i>Melaleuca linariifolia</i> var. <i>alternifolia</i> (Maiden & Bet.) Foirm leachtach Saintréithriú na substainte gníomhaí Bláthola an chrainn tae: Bláthola, mar atá sainmhínithe ag An Chomhairle Eorpach (¹), a fhaightear ó dhuilleoga agus críoch-chraoibhíní <i>Melaleuca alternifolia</i> (Maiden & Betche) Cheel trí ghaldriogadh agus comhdhlúthú breise na gcomhábhar luaineach agus a scaradh ón uisce trí scinceáil. Uimhir CAS: 68647-73-4 Uimhir Einecs: 285-377-1 Uimhir FEMA: 3902 Uimhir Chomhairle na hEorpa: 275	Turcaithe lena ramhrú	-	-	1,5	- Déanfar an breiseán a ionchorprú sa bheatha i bhfoirm réamh-mheascáin. - Sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, déanfar na dálaí stórála agus cobhsaíocht i leith cóireáil teasa a shonrú. - Ceadaítear meascán de bhláthola an chrainn tae le breiseáin luibheolaíocha eile ar choinníoll go bhfuil na méideanna meitileoigeanóil sna hábhair bheatha agus sa bheatha cumaisc níos ísle ná an méid a eascraíonn as breiseán aonair a úsáid ar an gcion uasta nó ar an gcion molta le haghaidh an speicis nó na catagóire ainmhithe.	6 Lúnasa 2035
			Sicíní lena ramhrú agus mionspeicis éanlaithe clóis lena ramhrú	-	-	1,1		
			Gach speiceas éanlaithe clóis a thógtar le bheith ina mbéaróga agus le haghaidh pórúcháin	-	-	1,1		
			Éin ornáideacha	-	-	1,1		
			Gach speiceas éanlaithe clóis le bheith ina mbéaróga nó le haghaidh pórúcháin	-	-	1,7		
			Muca lena ramhrú	-	-	2,4		
			Muca lena ramhrú de mhionspeicis <i>Suidae</i>	-	-	2,0		
			Bainbh (bainbh diúil agus scoite) de gach speiceas <i>Suidae</i>	-	-	2,0		

Uimhir aitheantais an bhreiseáin beathaithe	Breiseán	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse	Speiceas nó catagóir ainmhíoch	Uasteor- ainn aoise	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údarúcháin
					mg de bhreiseán/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taisce 12 %			
		Sonraíochtaí: — 4-Teirpineanól: 30-48 % — γ-Teirpinéin: 10-28 % — α-Teirpinéin: 5-13 % — 1,8-Ciniól (eocalaptól): < 15 % — Meitileoigeanól: ≤ 0,01 % Modh anailíse ⁽²⁾ Maidir le 4-teirpineanól (marcóir fíticheimiceach) sa bhreiseán beathaithe a chinneadh: — crómatagrafaíocht gháis cúpláilte le brath ianúcháin lasrach (CG-BIL) (ISO 4730)	Gach <i>Suidae</i> le haghaidh atáirgthe	-	-	3,1	4. Maidir le húsáideoirí an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, bunóidh oibreoirí gnólachtaí beatha nósanna imeachta oibríochtúla agus bearta eagraíochtúla chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí a d'fhéadfadh eascairt as a n-úsáid. I gcás nach féidir na rioscaí sin a dhíothú nó a laghdú a oiread is féidir leis na nósanna imeachta agus na bearta sin, is le trealamh cosanta pearsanta don chraiceann, do na súile agus don análú a úsáidfear an breiseán agus na réamh-mheascáin.	
			Laonna lena ramhrú	6 mhí	-	5,0		
			Caoirigh agus gabhair	-	-	4,4		
			Eallaí lena ramhrú; athchogantaigh eile lena ramhrú seachas caoirigh, gabhair agus laonna lena ramhrú suas le 6 mhí; <i>Camelidae</i> lena ramhrú	-	-	4,4		
			Gach athchogantaigh eile; gach speiceas <i>Camelidae</i> eile	-	-	2,9		
			<i>Eachainmhí</i>	-	-	4,4		
			<i>Leporidae</i>	-	-	1,8		
			Salmainidí agus mionéisc eite	-	-	5,0		
			Crústaigh	-	-	6,6		
			Madraí	-	-	5,3		

Uimhir aitheantais an bhreiseáin beathaithe	Breiseán	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse	Speiceas nó catagóir ainmhíoch	Uasteor-ainn aoise	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údarúcháin
					mg de bhreiseán/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %			
			Cait	-	-	0,9		
			Éisc ornáideacha	-	-	15		
			Speicis agus catagóirí eile	-	-	1,1		

(¹) *Natural sources of flavourings - Report No. 2* [Foinsí nádúrtha blastán - Tuarascáil Uimh. 2] (2007).

(²) Tá sonraí faoi na modhanna anailíse le fáil ar shuíomh na Saotharlainne Tagartha ag an seoladh seo a leanas: https://joint-research-centre.ec.europa.eu/eurl-fa-eurl-feed-additives/eurl-fa-authorisation/eurl-fa-evaluation-reports_ga.